FEACHTAS ‘GAN MHARGADH? GAN MHAITH!’

Mar eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar shaoránaigh, tá muid thar a bheith buartha go bhfuil Tuaisceart na hÉireann ar tí imeacht as an Aontas Eorpach agus Breatimeacht Gan Mhargadh ann.

Creidimid go ndéanfadh Breatimeacht Gan Mhargadh dochar nach beag don phobal i dTuaisceart na hÉireann agus do na glúine atá le teacht, agus go mbeidh impleachtaí tromchúiseacha ann don gheilleagar agus don tsochaí againn.

Áirítear an méid seo a leanas leis na himpleachtaí sin.

- Mhaolófaí cosaint na gceart atá cuimsithe i gComhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.

- Bheadh tionchar dochrach ag cruachan na teorann ar an gheilleagar uile-oileáin agus ar shaol eacnamaíochta, oideachas agus saol sóisialta na ndaoine atá ag obair agus atá ina gcónaí in aice leis an teorainn.

- Bheadh méadú ar mhaorlathas agus ar na costais a bhíonn le híoc ag gnóthaí, agus bheadh iarmhairtí tubaisteacha ann d’earnáil an agraibhia mar gheall ar rialú dian ar aistriú ainmhithe agus táirgí bia trasna na teorann.

- Bheadh neamhchinnteacht shuntasach ann maidir le soláthar cógas, ábhar radaighníomhach agus táirgí fola a bhíonn á rialú ag an AE agus á n-iompórtáil ó bhallstáit an AE.

- Tá an baol ann go gcuirfí deireadh leis an mhargadh aonair fuinnimh, agus ní fios cad iad na hiarmhairtí a bheadh ann maidir le costais agus soláthar fuinnimh sa todhchaí.

- Tá an baol ann go mbainfí cosaintí riachtanacha tábhachtacha timpeallachta agus meicníochtaí maoirseachta.

- Tá an baol ann go maolófaí cearta oibrithe.

- Chuirfí deireadh láithreach le saoirse gluaiseachta, rud a chruthódh neamhchinnteacht shuntasach agus a d’fhéadfadh cur go mór le leithcheal i gcoinne imirceach ón AE/LEE; ina leithéid de chás, ní bheadh cúinsí sainiúla Thuaisceart na hÉireann san áireamh.

Bheadh Breatimeacht Gan Mhargadh ina thubaiste do Thuaisceart na hÉireann - teip idirbheartaíochta ag rialtas na Breataine a bheadh ann. Mar sin, leis an fheachtas seo, Gan Mhargadh? Gan Mhaith! éilímid ar rialtas na Breataine glacadh leis nach bhfuil Breatimeacht Gan Mhargadh ina rogha inmharthana. Éilímid ar an rialtas fosta gach uile rud is féidir leo a dhéanamh, mar ábhar práinne, chun a chinntiú nach mbeidh Breatimeacht Gan Mhargadh ann.
Iarraimid ar gach saoránach agus ar gach duine den phobal, beag beann ar do dhearcadh ar an Bhreatimeacht, tacú lenár bhfeachtas **GAN MHARGADH? GAN MHAITH!**

NO TO NO DEAL BREXIT CAMPAIGN

As Northern Ireland civic society organisations we are deeply concerned that Northern Ireland is on the brink of a No Deal Brexit.

We believe that a No Deal Brexit would inflict major damage to our community and to future generations in Northern Ireland, with profound implications for our economy and society.

These impacts would include the following:

- Undermining the rights safeguards in the Belfast/Good Friday Agreement.
- A hardening of the border with the subsequent devastating impact on the all-island economy and the economic, educational and social lives of people living and working in border areas.
- Increased bureaucracy and costs for businesses, strict controls on the movement of animals and food products across the border with disastrous consequences for the agri-food sector.
- Major uncertainty regarding the future supply of medicines, radioactive materials and blood products that are regulated by the EU and imported from EU member states.
- The potential end of the single energy market with unknown consequences for future energy costs and supply.
- The removal of many key environmental safeguards and oversight mechanisms.
- The potential erosion of workers' rights.
- The immediate end of the right to freedom of movement, causing major uncertainty and the potential for discrimination against EU/EEA migrants with no regard being shown to the particular circumstances of Northern Ireland.

A No Deal Brexit would be a disaster for Northern Ireland and would represent a negotiation failure by the UK Government. The No To No Deal campaign therefore calls on the UK government to accept that a No Deal Brexit is not a viable option and to do everything in its power to prevent this possibility as a matter of urgency.

We call on all members of the public and civil society, regardless of your view of Brexit, to support our campaign and say **NO TO NO DEAL**